

Polasaí Iontrála Coláiste Íde

Seoladh na Scoile: Daingean Uí Chúis, Co. Chiarraí

Uimhir Rolla: 61301 I

Pátrún na Scoile: Cairde Choláiste Íde

1. Réamhrá

Comhlíonann an Polasaí Iontrála seo riachtanais an Achta Oideachais 1998, an Achta Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna) 2018 agus an Achta um Stádas Comhionann. Nuair a dréachtaíodh an polasaí seo, d'imigh bord bainistíochta na scoile i gcomhairle le baill foirne na scoile, le pátrún na scoile agus tuismitheoirí na leanaí atá ag freastal ar an scoil.

D'fhaomh pátrún na scoile an polasaí ar an 3/12/2020. Tá sé foilsithe ar shuíomh gréasáin na scoile agus beidh sé ar fáil ar chóip chrua, má iarrtar é, d'aon duine a iarrann é.

Tá dátaí agus sceideal do phróiseas iontrála Coláiste Íde leagtha síos i bhfógra na scoile maidir le hiontráil bhliantúil a fhoilsítear gach bliain ar shuíomh gréasáin na scoile seachtain amháin ar a laghad roimh thús an phróisis iontrála don scoilbhliain atá i gceist.

Ní mór an polasaí seo a léamh in éineacht leis an bhfógra maidir le hiontráil bhliantúil don scoilbhliain atá i gceist.

Tá an fhoirm iarratais ar iontráil foilsithe ar shuíomh gréasáin na scoile agus beidh sí ar fáil i gcóip chrua ar iarratas d'aon duine a iarrann í.

2. Spiorad saineúil agus cuspóirí ginearálta na scoile

Is meánscoil dheonach do chailíní í Coláiste Íde a bhfuil éiteas Críostaí/ Caitliceach aici faoi iontaobhas Cairde Choláiste Íde.

Ciallaíonn “Éiteas Caitliceach/ Caitliceach” i gcomhthéacs na meánscoile Caitlicí éiteas agus spiorad saineúil na hEaglaise Caitlicí Rómhánaí, atá mar aidhm aici na nithe seo a chur chun cinn:

- (a) forbairt iomlán agus shona de gach gné den duine mar dhalta, lena n-áirítear na gnéithe intleachtúla, fisiceacha, cultúrtha, morálta agus spioradálta; agus
- (b) caidreamh beo le Dia agus le daoine eile; agus
- (c) fealsúnacht shaoil spreagtha i nDia agus i saol, bás agus aiséirí Íosa Críost; agus
- (d) bunú na ndaltaí sa chreideamh Caitliceach,

agus cuireann an scoil oideachas reiligiúnach ar fáil de réir fhoirceadail, chleachtaí agus thraidisiúin na hEaglaise Caitlicí Rómhánaí, agus/nó de réir a leithéid d'éiteas agus/nó de réir spioraid shaineúil mar a bheadh socraithe nó léirmhínte ó am go ham ag Comhdháil Easpagóideach na hÉireann.

I gcomhréir le hAlt 15 (2) (b) den Acht Oideachais déanfaidh an Bord Bainistíochta Choláiste Íde spiorad sainiúil na scoile mar a chinntear é de réir na luachanna agus na dtraidisiún cultúrtha, oideachais, morálta, creidimh sóisialta, teangeolaíochta agus spioradálta is bun le cuspóirí agus stiúradh na scoile agus is saintréithe den chéanna, a chosaint agus beidh sé cuntasach don phátrún agus iad a chosaint amhlaidh.

Ardchaighdeán oideachais a sholáthar a chuirfidh béim ar fhorbairt an duine ina iomláine: forbairt spioradálta, mhóralta intleachtúil, shóisialta, mhothaitheach agus fhisiciúil. Aigne ghníomhach, chruthaitheach a fhorbairt i ngach dalta i dtreo go mbeidh comhbhá agus leis tuiscint acu do dhaoine eile agus misneach acu seasamh lena gcreideann siad chun a n-áit a thógaint sa tsochaí le mórtas agus muinín.

3. Ráiteas Iontrála

Ní dhéanfaidh Coláiste Íde idirdhealú maidir le scoláire a ligean isteach ar scoil ar bhonn aon cheann díobh seo a leanas:

- (a) inscne an scoláire nó an iarratasóra i dtaca leis an scoláire lena mbaineann,
- (b) stádas sibhialta an scoláire nó an iarratasóra i dtaca leis an scoláire lena mbaineann,
- (c) stádas teaghlaigh an scoláire nó an iarratasóra i dtaca leis an scoláire lena mbaineann,
- (d) claonadh gnéis an scoláire nó an iarratasóra i dtaca leis an scoláire lena mbaineann,
- (e) reiligiún an scoláire nó an iarratasóra i dtaca leis an scoláire lena mbaineann,
- (f) bunús míchumais an scoláire nó an iarratasóra i dtaca leis an scoláire lena mbaineann,
- (g) cine an scoláire nó an iarratasóra i dtaca leis an scoláire lena mbaineann,
- (h) scoláire nó iarratasóir ó phobal an lucht siúil i dtaca leis an scoláire lena mbaineann, nó
- (i) riachtanais speisialta oideachais a bheith ag an scoláire nó ag an iarratasóir i dtaca an scoláire lena mbaineann.

De réir alt 61(3) den Acht Oideachais 1998, déanfar ‘foras stádas sibhialta’, ‘foras míchumais’, ‘idirdhealú’, ‘foras stádas teaghlaigh’, ‘foras inscne’, ‘foras cine’, ‘foras reiligiúin’, ‘foras claonadh gnéis’ agus ‘foras pobal Taistealaithe’ a fhorléiriú de réir alt 3 den Acht um Stádas Comhionann 2000.

Scoileanna inscne amháin

Is scoil do chailíní amháin í Coláiste Íde agus ní dhéanann sí idirdhealú nuair a dhiúltaíonn sí buachaill a ligean isteach atá ag déanamh iarratais ar iontráil chuig an scoil seo.

4. Scoláirí a Ligean Isteach

Ligfidh an scoil seo isteach gach scoláire a dhéanann iarratas ar iontráil ach amháin –

- a) má bhíonn ró-éileamh ar an scoil (féach [cuid 6](#) thíos le haghaidh tuilleadh sonraí)
- b) mura ndeimhníonn tuismitheoir an scoláire, nuair is gá de réir an phrionsabail i gcomhréir le halt 23(4) den Acht Oideachais (Leas) 2000, i scríbhinn go bhfuil cód iompair na scoile inghlactha dó nó di agus go ndéanfaidh sé nó sí gach iarracht réasúnach lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an scoláire an cód sin.

Scoil nach ligeann isteach ach scoláirí d'inscne amháin

Cuireann Coláiste Íde oideachas ar fáil do chailíní amháin agus d'fhéadfadh sí diúltú duine a ligean isteach mar scoláire nach duine den inscne sin é/í a ndéanann an scoil seo soláthar di.

5. Ró-éileamh

Sa chás go mbíonn ró-éileamh ar an scoil, nuair a dhéanann sí cinneadh maidir le hiarratais ar iontráil, cuirfidh an scoil na critéir roghnúcháin seo a leanas i bhfeidhm san ord liostaithe thíos ar na hiarratais sin a fuarthas laistigh den tréimhse ama le hiarratais a fuarthas mar atá leagtha síos i bhfógra na scoile maidir le hiontráil bhliantúil:

Cuir isteach na critéir roghnúcháin anseo:

- a) Deirfiúr sa scoil cheanna
- b) Deirfiúr sa scoil ag dul siar blianta
- c) Iarrthóirí go raibh tuismitheoirí/ sean tuismitheoirí sa scoil, suas go uasmhéid 25% dos na spásanna de réir an fógra iontrála
- d) Scoláirí Chónaithe
- e) Leanaí fostóirí an choláiste
- f) Scoláirí le cumas Gaeilge réasúnta don aois agus sa chás go mbeadh an scoláire ag aischéimnigh muna mbeadh deis acu freastal ar scoil lán Ghaelach
- g) Iarrthóirí eile

Sa chás go mbíonn beirt scoláire nó níos mó cothrom le chéile le haghaidh áite nó áiteanna in aon cheann de na catagóirí sna critéir roghnúcháin thuas (go mbíonn níos mó líon iarratasóirí ann ná líon na n-áiteanna fágtha), cuirfear na socrúithe seo a leanas i bhfeidhm:

Ceapfaidh an Bord Bainistíochta breathnóir neamhspleách a dhéanfaidh maoirseacht ar tharraingt crannchuir d'fhonn roghnach neamhchlaonta a chinntiú

6. Cad nach ndéanfar a mheas ná nach gcuirfear san áireamh

De réir alt 62(7)(e) den Acht Oideachais ní dhéanfaidh an scoil na nithe seo a leanas a mheas ná ní cuirfear san áireamh iad nuair a dhéantar cinneadh maidir le hiarratais ar iontráil nó nuair a chuirtear scoláire ar liosta feithimh le ligean isteach chuig an scoil:

Ní mór do gach scoil pointí (a) go (g) a chur san áireamh. Tá eisceachtaí teoranta maidir le roinnt díobh (atá aibhsithe i ndath dearg thíos) agus ní mór do scoileanna na heisceachtaí a bhaineann leo a choimeád agus iad siúd nach mbaineann leo a scriosadh:

- (a) tinreamh an scoláire roimhe ag réamhscoil nó ag seirbhís réamhscoile, naíonraí san áireamh,
- (b) íocaíocht táillí nó ranniocaíochtaí (cibé slí a dtuairiscítear i) leis an scoil; (seachas i ndáil le scoil a ghearrann táillí chónaithe nó seirbhíse/ gníomhaireachta chónaithe)
- (c) cumas, scileanna nó inniúlacht acadúil an scoláire;
- (d) gairm, stádas airgeadais, cumas acadúil, scileanna nó inniúlacht tuismitheoirí an dalta;
- (e) ceanglas go bhfreastalóidh scoláire, nó a t(h)uismitheoirí ar agallamh, lá oscailte nó cruinniú eile mar choinníoll iontrála; (seachas i gcás iontrála chuig rannóg chónaitheach de scoil chónaithe)
- (f) ceangal scoláire leis an scoil de bhua duine dá theaghlach nó dá teaghlach ag freastal ar an scoil nó a bhí ag freastal ar an scoil roimhe sin; (seachas, i gcás na scoile ar mian léi critéir roghnúcháin a chur san áireamh bunaithe ar (1) deartháireacha nó deirfiúracha scoláire a fhreastalaíonn ar an scoil nó a d'fhreastail ar an scoil agus/nó (2) tuismitheoirí nó seantuismitheoirí scoláire a d'fhreastail ar an scoil.

Maidir le (2) tuismitheoirí agus seantuismitheoirí, ní fhéadfaidh scoil na critéir sin a chur i bhfeidhm ach ar uasmhéid de 25% de na spásanna atá ar fáil mar atá leagtha síos i bhfógra na scoile maidir le hiontráil bhliantúil).

- (g) an dáta agus an t-am a ghlac an scoil le hiarratas iontrála,

Tá sé sin faoi réir an iarratais a bheith faighte ag am ar bith le linn na tréimhse a shonraítear chun iarratais a fháil mar atá leagtha síos i bhfógra na scoile maidir le hiontráil bhliantúil don scoilbhliain lena mbaineann.

Tá sé sin faoi réir freisin ag an scoil tairiscintí a dhéanamh bunaithe ar liostaí feithimh reatha (suas go dtí an 31ú Eanáir 2025 amháin).

7. Cinntí ar iarratais

Beidh na cinntí go léir maidir le hiarratais ar iontráil chuig Coláiste Íde bunaithe ar na nithe a leanas:

- Polasaí iontrála na scoile
- Fógra na scoile maidir le hiontráil bhliantúil (más bainteach);
- An fhaisnéis a chuir an t-iarratasóir ar fáil i bhfoirm iarratais oifigiúil na scoile a fuarthas le linn na tréimhse atá sonraithe inár bhfógra maidir le hiontráil bhliantúil chun iarratais a fháil.

(Féach [alt 14](#) thíos maidir le hiarratais a fuarthas lasmuigh den tréimhse iontrála agus [alt 15](#) thíos maidir le hiarratais ar áiteanna i mblianta seachas an grúpa ligthe isteach.)

Ní úsáidfeadh critéir roghnúcháin nach bhfuil san áireamh i bpolasaí iontrála ár scoile chun cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratas ar áit inár scoil.

8. Cinntí a chur in iúl d'iarratasóirí

Cuirfeadh iarratasóirí ar an eolas i scríbhinn maidir le cinneadh na scoile, laistigh den tréimhse ama atá leagtha síos san fhógra maidir le hiontráil bhliantúil.

Mura dtairgtear áit do scoláire inár scoil, cuirfeadh na cúiseanna nár tairgeadh áit dó nó di ar fáil i scríbhinn don iarratasóir, lena n-áirítear, nuair is infheidhme, sonraí maidir le rangú an scoláire i gcoinne na gcrítéir roghnúcháin agus na sonraí faoi áit an scoláire ar an liosta feithimh don scoilbhliain lena mbaineann.

Cuirfeadh iarratasóirí ar an eolas faoin gceart chun athbhreithniú/ceart achomhairc a lorg maidir le cinneadh na scoile (féach [alt 18](#) thíos le haghaidh tuilleadh sonraí).

9. Glacadh le tairiscint áite ag iarratasóir

Agus tairiscint iontrála á glacadh agat ó Choláiste Íde ní mór duit an méid seo a leanas a léiriú—

(i) cé acu an bhfuil nó nach bhfuil glactha agat le tairiscint iontrála ar scoil nó ar scoileanna eile. Má ghlac tú le tairiscint den sórt sin, ní mór duit sonraí na tairisceana nó na dtairiscintí lena mbaineann a chur ar fáil freisin, agus

(ii) cé acu an bhfuil iarratas déanta agat ar thairiscint iontrála ó scoil nó ó scoileanna eile nó cé acu an bhfuil tú ag feitheamh lena dheimhniú, agus má tá, ní mór duit sonraí na scoile nó na scoileanna eile lena mbaineann a sholáthar.

Ba chóir d'iarratasóirí a bheith ar an eolas mura nochtann siad an t-eolas seo maidir le háit a ghlacadh d'fhéadfadh an scoil tairiscint a tharraingt siar dá bharr.

10. Cúinsí nach féidir tairiscintí a dhéanamh ina leith nó inar féidir iad a tharraingt siar

Ní féidir le Coláiste Íde tairiscint iontrála a dhéanamh nó is féidir léi iad a tharraingt siar sna cásanna seo a leanas —

- (i) má dheimhnítear go bhfuil an fhaisnéis atá san iarratas bréagach nó míthreorach.
- (ii) má theipeann ar iarratasóir glacadh le tairiscint iontrála ar an nó roimh an dáta atá leagtha síos i bhfógra na scoile maidir le hiontráil bhliantúil.
- (iii) má theipeann ar thuismitheoir scoláire, nuair a éilíonn an príomhoide é de réir alt 23(4) den Acht Oideachais (Leas) 2000, a dhearbhu i scríbhinn go bhfuil cód iompair na scoile inghlactha dó nó di agus go ndéanfaidh sé nó sí gach iarracht réasúnach lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an dalta an cód sin; nó
- (iv) má theipeann ar iarratasóir riachtanais a chomhlíonadh chun 'glacadh le tairiscint' mar atá leagtha amach in alt 9 thuas.

11. Sonraí a roinnt le scoileanna eile

Ba chóir d'iarratasóirí a bheith ar an eolas go gceadaítear le hAlt 66(6) den Acht Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna) 2018 comhroinnt sonraí idir scoileanna d'fhonn iontráil éifeachtach scoláirí a éascú. Le hAlt 66(6) ceadaítear do scoil liosta scoláirí a chur ar fáil do phátrún nó do bhord bainistíochta eile i ndáil leis na nithe seo a leanas maidir leis an scoláire—

- (i) go bhfuair an scoil iarratas ar iontráil,
- (ii) go ndearna an scoil tairiscint iontrála, nó
- (iii) gur glacadh le tairiscint iontrála chuig an scoil.

D'fhéadfadh aon cheann nó gach ceann díobh seo a leanas a bheith san áireamh sa liosta:

- (i) an dáta a fuair an scoil iarratas ar iontráil;
- (ii) an dáta a rinne an scoil tairiscint iontrála;
- (iii) an dáta a ghlac iarratasóir le tairiscint iontrála;
- (iv) sonraí pearsanta scoláire lena n-áirítear a (h)ainm, seoladh, dáta breithe, uimhir phearsanta seirbhíse poiblí (laistigh den chiall d'alt 262 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 2005).

12. Liosta feithimh i gcás ró-éilimh

Sa chás go mbeidh níos mó iarratas ar an scoilbhliain lena mbaineann ná na háiteanna atá ar fáil, cuirfear le chéile liosta feithimh de scoláirí nár éirigh lena n-iarratas ar iontráil chuig Coláiste Íde mar gheall ar ró-éileamh ar an scoil agus fanfaidh siad bailí don scoilbhliain ina bhfuil cead isteach á lorg.

Tá socrúchán ar an liosta feithimh de Choláiste Íde san ord tosaíochta a shanntar d'iarratais na scoláirí tar éis don scoil na critéir roghnúcháin a chur i bhfeidhm de réir an pholasaí iontrála seo.

Déanfar tairiscintí maidir le haon áiteanna ina dhiaidh sin a bheidh ar fáil don scoilbhliain agus lena linn a bhfuil cead isteach á lorg ina leith maidir leis na scoláirí sin ar an liosta feithimh, de réir an oird tosaíochta ar cuireadh na scoláirí ar an liosta.

13. Iarratais Dhéanacha

Déanfar gach iarratas ar iontráil a fhaightear tar éis an dáta deiridh a mheas agus déanfar cinneadh orthu mar atá leagtha síos san fhógra maidir le hiontráil bhliantúil de pholasaí iontrála ár scoile, de réir an Achta Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna) 2018 agus de réir aon rialacháin a rinneadh faoin Acht sin.

Cuirfear in iúl d'iarratasóirí déanacha maidir leis an gcinneadh i dtaca lena n-iarratas tráth nach déanaí ná trí seachtaine i ndiaidh an dáta ó fuair an scoil an t-iarratas. Déanfar áit a thairiscint d'iarratasóirí déanacha má bhíonn áit ar fáil. Sa chás nach bhfuil aon áit ar fáil, cuirfear ainm an iarratasóra ar an liosta feitheamh.

14. Nósanna imeachta maidir le scoláirí a ligean isteach i mblianta eile agus le linn na scoilbhliana

Is iad seo a leanas nósanna imeachta na scoile maidir le scoláirí a ligean isteach nach bhfuil glactha isteach sa scoil cheana féin chuig **ranganna nó blianta seachas grúpa iontrála na scoile:**

1. Go mbeidh ar an scoláire agallamh a dhéanamh nó teacht chuig na laethanta oscailte nó cruinniú a bheith acu le duine ón taobh chónaithe
2. Go bhfuil leibhéal sásúil Gaeilge ag an scoláire ionas go mbeidh sí in ann páirt a ghlacadh sna ranganna agus sna himeachtaí, i measc rang atá á mhúineadh trí mheán na Gaeilge

Is iad seo a leanas nósanna imeachta na scoile maidir le scoláirí a ligean isteach nach bhfuil glactha isteach sa scoil cheana féin, **tar éis thús na scoilbhliana** ina lorgaítear an cead isteach:

1. Go mbeidh ar an scoláire agallamh a dhéanamh nó teacht chuig na laethanta oscailte nó cruinniú a bheith acu le duine ón taobh chónaithe
2. Go bhfuil leibhéal sásúil Gaeilge ag an scoláire ionas go mbeidh sí in ann páirt a ghlacadh sna ranganna agus sna himeachtaí, i measc rang atá á mhúineadh trí mheán na Gaeilge

15. Dearbhú maidir le gan táillí a ghearradh

Ní ghearrfaidh bord Choláiste Íde ná aon duine a ghníomhaíonn thar a cheann, seachas i gcomhréir le halt 64 den Acht Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna) 2018, táillí ar íocaíocht ná ní lorgóidh sé íocaíocht ná ranníocaíochtaí (cibé slí a dtuairiscítear í) mar choinníoll de -

- (a) iarratas ar scoláire a ligean isteach sa scoil, nó
- (b) iontráil nó clárú leanúnach scoláire sa scoil.

Nóta: Tá táille chónaithe le híoc, tá gach eolais le fáil ar an suíomh idirlín

16. Socruithe maidir le scoláirí nach bhfreastalaíonn ar theagasc reiligiúnach

Ní mór do scoileanna a chuireann teagasc reiligiúnach ar fáil do scoláirí an chuid seo a chomhlánú.

Sa chás go bhfuil na tuismitheoirí, nó i gcás go bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe ag an scoláire, tar éis a iarraidh go bhfreastalódh an scoláire ar an scoil gan freastal ar theagasc reiligiúnach sa scoil. Caithfear nóta a chur chuig an phríomhoide, déanfar cruinniú a eagrú agus é a phlé.

17. Athbhreithnithe/achomhairc

Athbhreithniú ar chinntí an bhoird Bhainistíochta

Féadfaidh tuismitheoir scoláire, nó i gcás scoláire a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige/aici féadfaidh sé/sí a iarraidh ar an mbord athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh áit sa scoil a dhiúltú. Ní mór iarratais den sórt sin a dhéanamh de réir Alt 29C den Acht Oideachais 1998.

Tá an amlíne ina gcaithfear athbhreithniú den gcineál sin a iarraidh agus na ceanglais eile a bhaineann maidir le hathbhreithnithe den sórt sin leagtha síos sna nósanna imeachta arna gcinneadh ag an Aire faoi alt 29B den Acht Oideachais 1998 atá foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Déanfaidh an bord athbhreithnithe den sórt sin de réir na nósanna imeachta a rialaítear faoi Alt 29B agus le hAlt 29C den Acht Oideachais 1998.

Tabhair faoi deara: Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, **ní mór** don iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta **athbhreithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh roimh achomharc a dhéanamh faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998.

Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar chúis seachas ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, **féadfaidh** an t-iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta **athbhreithniú ar an**

gcinneadh sin a dhéanamh roimh achomharc a dhéanamh faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998.

Ceart ar achomharc

Faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998, féadfaidh tuismitheoir scoláire, nó i gcás scoláire a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige/aici, féadfaidh sé/sí achomharc a dhéanamh ar chinneadh na scoile seo maidir le háit sa scoil a dhiúltú.

Is féidir achomharc a dhéanamh faoi Alt 29 (1)(c)(i) den Acht Oideachais 1998 sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar ró-éileamh ar áiteanna sa scoil.

Is féidir achomharc a dhéanamh faoi Alt 29 (1)(c)(i) den Acht Oideachais 1998 sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar chúis seachas ró-éileamh ar áiteanna sa scoil.

Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, **ní mór** don iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta **athbhreithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh **roimh achomharc a dhéanamh** faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998. (féach Athbhreithniú ar chinntí an Bhord Bainistíochta).

Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar chás seachas ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, **féadfaidh** an t-iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta **athbhreithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh roimh achomharc a dhéanamh faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998. (féach Athbhreithniú ar chinntí an Bhord Bainistíochta).

Déanfaidh coiste achomharc neamhspleách arna cheapadh ag an Aire Oideachais agus Scileanna achomhairc faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998 a mheas agus déanfaidh sé cinneadh orthu.

Tá an amlíne ina gcaithfear achomharc den sórt sin a iarraidh agus na ceanglais eile a bhaineann maidir le hachomhairc den sórt sin leagtha síos sna nósanna imeachta arna gcinneadh ag an Aire faoi alt 29B den Acht Oideachais 1998 atá foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Coláiste Íde
FÓGRA MAIDIR LE hIONTRÁIL BHLIANTÚIL DO 2022/23

Tá cóipeanna de **Pholasáí Iontrála** na scoile agus an **Fhoirm Iarratais ar Iontráil** do scoilbhliain 2022/23 ar fáil mar seo a leanas: Le híoslódáil ar: www.colaisteide.com

Ar iarratas: Cuir ríomhphost chuig info@colaisteide.com nó scríobh chuig: Coláiste Íde, Daingean Uí Chúis, Co Chiarraí

1. Dátaí maidir le hIarratais agus Cinntí le haghaidh iontrála go dtí an 1^ú Bhliain do 2022/23

1.	Tosóidh an scoil ag glacadh le hiarratais ar iontráil ar an	1 Meán Fómhair 2022
2.	Stopfaidh an scoil ag glacadh le hiarratais ar iontráil ar an	10ú Bealtaine
3.	Cuirfear in iúl d'iarratasóirí i scríbhinn maidir leis an gcinneadh faoina n-iarratas faoin	30ú Bealtaine
4.	Ní mór d'iarratasóirí a dheimhniú go bhfuil siad ag glacadh leis an tairiscint iontrála faoin	Laistigh de mhí

Mura nglacann iarratasóir le tairiscint laistigh de mhí an litir tairiscint a fhail d'fhéadfaí an tairiscint a tharraingt siar dá bharr.

2. Líon na n-áiteanna atá á chur ar fáil do scoilbhliain 2022/23

Is é líon na n-áiteanna atá á chur ar fáil sa 1 ^ú bhliain	34
Is é líon na n-áiteanna cónaitheacha (scoileanna cónaithe amháin)	30
Is é líon na n-áiteanna neamhchónaitheacha (scoileanna cónaithe amháin)	4
Is é líon na n-áiteanna atá á chur ar fáil sa rang speisialta atá ag freastal ar scoláirí a bhfuil [cuir isteach an chatagóir nó na catagóirí den RSO ar a bhfuiltear ag freastal sa rang speisialta] acu	N/B

3. Líon na n-áiteanna sa 1^ú bhliain do scoilbhliain 2021/22 a tairgeadh agus ar glacadh leo roimh an 1 Feabhra 2022

Líon na n-áiteanna don 1 ^ú bhliain a tairgeadh agus ar glacadh leo sular tháinig alt 62 den Acht Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna) 2018 i bhfeidhm ar an 1 Feabhra 2022	0
---	----------